# Nuachtlitir Deireadh Fómhair 2013

Fáilte go dtí Nuachtlitir Futa Fata.

## Gníomhairí Nua Díolacháin

**Tá bís orainn a fhógairt go bhfuil conradh nua sínithe againn le O'Brien Press. Tá cáil ar O'Brien Press mar theach foilsitheoireachta ach is i gcomhthéascdíolacháin a bheas Futa Fata ag obair leo. Ó thús na míosa seo is iad** O'Brien Press **a bheas mar gníomhairí díolacháin againn anseo ar oileán na hÉireann. Tá muid ag súil go mór le bheith ag obair leo agus rímead orainn an deis seo a fháil ár dtairgí a chur faoi bhráid lucht léite nua.** Catalóg nua **Futa Fata ar fáil anois.**



## Féile Futa Fata i mBÁC

**Ardófar díon Phictiúrlann Theach an tSolais i Margadh na Feirme, Baile Áth Cliath ón 18 – 22 Samhain nuair a thabharfas Futa Fata cuairt ar an ardchathair le seachtain bhríomhar scéalaíochta agus ceoil a chur ar fáil do pháistí scoile Bhaile Átha Cliath. Beidh Tadhg ag casadh rogha amhrán rannta ó na halbaim Gugalaí Gug, Ceol na Mara agus Peigín Leitir Móir. Ina theannta, beidh aoí-scríbhneoir ar an ardán gach lá agus iad ag léamh a gcuid scéalta agus ag cur síos ar an draíocht a bhaineann le scéal a chumadh agus é a fheiceáil foilsithe mar leabhar. Agus, munar leor an méid sin, beidh cóip shínithe de leabhar an lae á bhronnadh ar gach páiste a thagann. Costas €7 an páiste atá ar an ocáid speisialta seo. Ar ghrupaí scoile amháin atá sé dírithe. Is féidir ríomhpost a seoladh chuig** gemma@futafata.ie **le tuilleadh eolais agus**

áirithintí a dhéanamh.



## Pictiúr ag Baboró

**Tá an taispeántas Pictiúr ar camchuairt na tíre faoi láthair. Seó álainn atá ann, a bhfuil saothar le breis agus fiche maisitheoir leabhar ón tír seo. Beidh sé le feiceáil sa Galway Arts Centre mar chuid d'fhéile idirnáisiúnta ealaíon na n-óg, Baboró le linn na míosa seo. Fillfidh sé ar an ardchathair do mhí na Samhna, áit a mbeidh sé le feiceáil in IMMA, Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann, i gCill Mhaighneann.Tá íomhánna le Steve Simpson agus Donagh O'Malley, ó leabhair a mhaisigh siad do Futa Fata san áireamh ann. Ná cailligí é!**

## Futa Fata ar Clár Imeall

**Thug foireann Imeall, clár na n-ealaíon ar TG4, cuairt orainn sa Spidéal le deireanas, le tuairisc a thaifeadadh faoinár gcuid oibre agus faoi shaol na foilsitheoireachta i gcoitinne. Beidh toradh na hoibre le feiceáil Déardaoin 10ú Deireadh Fómhair ag 22:45 ar TG4.**




## Aonach Leabhar Frankfurt

**Beidh foilsitheoirí, maisitheoirí agus scríbhneoirí ag tuirling ar chathair Frankfurt an tseachtain seo chugainn don aonach leabhar bliantúil. Beidh Futa Fata i lár an aonaigh agus muid ag súil leabhair nua a thabhairt abhaile agus ár gcuid scéalta féin a chur thar sáile le gliondar a chur ar páistí ar fud an domhain.**

---

**** Leagan Béarla thíos ****

---

## New Sales Agents

**We are very excited to announce our new partnership with O'Brien Press. Long established as a publisher of adult and children's books, O'Brien Press Sales also represent other publishers as sales agents here in Ireland. From October the O'Brien Press sales team will be presenting the Futa Fata catalogue to retailers nationwide. It is an**

exciting departure for both companies and we look forward to working with our friends in O'Brien Press. Futa Fata new catalogue available now.



## Féile Futa Fata

We are going to raise the roof off the Lighthouse Cinema in Dublin's Smithfield this coming 18 – 22 November. We have devised a very special show for school children with plenty of musical action from our popular CDs Gugalaí Gug, Ceol na Mara and Peigín Leitir Móir. A different author each day will add to this musical feast with stories from our ever-growing catalogue of books! To top it all off each child will be presented with the 'Book of the Day' to take home with them. The show costs €7 per child. This event is open to primary schools only. Please contact Gemma at gemma@futafata.ie for more information and bookings.




## Pictiúr at Baboró

The fabulous Pictiúr exhibition makes its way to Galway this October where it will feature as part of the Baboró festival. The exhibition, curated by Laureate na nÓg, Niamh Sharkey, features the best of Irish illustration. Images from Futa Fata picture books Mise agus an Dragún by Steve Simpson and An Coileach Codlatach by Donough O'Malley feature in this exciting project which also includes artists such as Oliver Jeffers and Oisín McGann. The exhibition will then move to IMMA (Irish Museum of Modern Art), Kilmainham, Dublin in November.

## Futa Fata ar Imeall

Thug foireann Imeall, clár na n-ealaíon ar TG4, cuairt orainn sa Spidéal le deireanas, le tuairisc a thaifeadadh faoinár gcuid oibre agus faoi shaol na foilsitheoireachta i gcoitinne. Beidh toradh na hoibre le feiceáil Déardaoin 10ú Deireadh Fómhair ag 22:45 ar TG4.



# Aonach Leabhar Frankfurt

**Beidh foilsitheoirí, maisitheoirí agus scríbhneoirí ag tuirling ar chathair Frankfurt an tseachtain seo chugainn don aonach leabhar bliantúil. Beidh Futa Fata i lár an aonaigh agus muid ag súil leabhair nua a thabhairt abhaile agus ár gcuid scéalta féin a chur thar sáile le gliondar a chur ar páistí ar fud an domhain.**

Futa Fata ar Facebook | Twitter | YOUTUBE | ar aghaidh |

**Seoladh oifige:**
Futa Fata
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Teil:091-504612
R-Poist: eolas@futafata.ie
www.futafata.ie

*Ceart ar cosaint © 2013 All rights reserved*

*Reps:* ***O'Brien Press***

Distributors/Dáilitheoirí: Gill & Macmillan/ IES/ Argosy/ Book Nest

*Suíomh Gaeilge is Fearr*
*Irish Web Awards 2012*

.Faigheann Futa Fata tacaíocht leanúnach ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge ; ón gComhairle Ealaíon, dá chlár foilsitheoireachta do pháistí ; ó COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dá bhfoilseacháin oideachasúla agus ó thráth go chéile, ó Ealaín na Gaeltachta do thograí éagsúla ealaíne.